



**ombudsman  
do leanaí  
for children**

## **Aighneacht chuig an gComhchoiste Oireachtais um Shláinte ar an mBille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2016**

Iarradh ar Oifig an Ombudsman do Leanaí aighneacht a dhéanamh chuig an gComhchoiste Oireachtais um Shláinte ar an mBille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2016 i Márta 2019 le cur isteach go luath i mí Aibreáin. Mar gheall ar an bhfráma ama gearr atá ar fáil, rinneadh an aighneacht ghearr seo i bhfoirm litreach ón Ombudsman do Leanaí, an Dr Niall Muldoon chuig Cathaoirleach an Choiste, an Dr Micheal Harty TD

A Dhochtúir Harty, a chara,

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat féin agus le do chomhghleacaithe ar Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte as do chuireadh ón 14 Márta 2019 chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí chun aighneacht i scríbhinn a dhéanamh maidir leis an mBille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2016 (Bille 2016).

Ceann de mo phríomhfheidhmeanna reachtúla mar Ombudsman do Leanaí ná cearta agus leas leanaí suas go 18 mbliana d'aois a chur chun cinn. Déantar na barúlacha ar Bille 2016 atá leagtha amach sa litir seo de bhun alt 7(4) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, arna leasú (Acht 2002), a fhorálann gur féidir leis an Ombudsman do Leanaí comhairle a thabhairt maidir le haon ábhar, lena n-áirítear reachtaíocht tograí, a bhaineann le cearta agus leas leanaí.

### **Tuarascáil 'Tóg mó Lámh'**

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom aird a tharraingt ar thuarascáil a d'fhoilsigh m'Oifig i Meitheamh 2018 faoi thaithí daoine óga maidir le seirbhísí meabhairshláinte. Tá cóip den tuarascáil sin leis an litir seo. D'eascair an tuarascáil, dar teideal 'Tóg mó Lámh', as comhairliúchán a rinneamar in 2017 le daoine óga faoi 18 a bhí ag fáil cúraim agus cóireála d'othair chónaitheacha dá meabhairshláinte ag an am. Ba é aidhm fhoriomlán an chomhairliúcháin sin, inar ghlac 25 duine óg idir 14 agus 17 bliana d'aois páirt, éisteacht a thabhairt agus aird a tharraingt ar thaithí agus peirspictíochtaí daoine óga maidir lena dturas faoi seach trí sheirbhísí meabhair-shláinte.

Cé go dtuigim go bhfuil an obair atá á dhéanamh agat féin agus ag do chomhghleacaithe ar Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte (an Coiste) faoi láthair maidir le meabhairshláinte leanaí agus daoine óga dírithe ar Bhille 2016, bheinn buíoch dá leagfá béim ar thuarascáil m'Oifige 'Tóg mo Lámh'. Ó mo dhearcadh féin, soláthraíonn an tuarascáil seo comhthéacs tábhachtach do na barúlacha ar Bhille 2016 atá leagtha amach thíos mar go dtugann sé breac-chuntas ar phríomhabhair inmí atá ag m'Oifig maidir le soláthar meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga.

Ag féachaint do na dearcaí arna gcomhroinnt ag daoine óga a ghlac páirt inár gcomhairliúchán agus ag cur caighdeán agus treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha chomh maith le forbairtí i reachtaíocht agus i mbeartas poiblí ag leibhéal náisiúnta san áireamh, aithníonn 'Tóg mo Lámh' roinnt tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochta a chreideann m'Oifig nach mór a chur chun cinn ionas go ndéantar cearta leanaí den chaighdeán is airde a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh (féach lch. 27 go dtí lch. 30 den tuarascáil).

### **Forbairtí i reachtaíocht a bhaineann le meabhairshláinte leanaí**

Ag eascairt as inmí faoin gcreat reachtúil reatha a bhaineann le meabhairshláinte leanaí agus faoi luas mall an athchóirithe reachtaíochta sa réimse seo, ar cheann de na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta a luadh i 'Tóg mo Lámh' ná an gá le hathchóiriú reachtaíochta a chur chun cinn gan mhoill (féach lch. 27 den tuarascáil). Agus aitheantas á thabhairt agam do na moltaí a rinne, i measc grúpaí eile, Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, an Rapóirtéir Speisialta um Chosaint Leanaí agus an Sainghrúpa ar an Athbhreithniú ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001 (Acht 2001), táim den tuairim gur chóir go mbeadh cuid thiomnaithe san Acht 2001 a bheadh dírithe ar fhorálacha a bhaineann le leanaí agus go ndéanfadh sé foráil chuí, follasach don méid seo a leanas:

- ceart leanaí chun na gcaighdeán is airde is féidir meabhairshláinte
- ceart leanaí go mbreithneofaí a leasanna is fearr i ngach gníomh agus cinneadh a bhaineann lena meabhairshláinte
- ceart leanaí éisteacht a fháil i ngach cinneadh a bhaineann lena meabhairshláinte agus go leagfaí béim chuí ar a ndearcthaí, i gcomhréir lena aois agus aibíocht
- toiliú leanaí agus diúltú leanaí maidir le cóir leighis ar bhealach a aithníonn inniúlachtaí na leanaí a bhíonn ag athrú
- leanaí agus daoine óga a thógtar isteach - go bhfreastalaítear orthu i dtimpeallacht leanbhlánach atá oiriúnach dá n-aois agus dá riachtanais
- seirbhísí le cur ar fáil do leanaí atá an-ghar dá dtuismitheoirí / caomhnóirí agus dá dteaghlach, nuair is féidir.

I dtaca leis sin, tá a fhios agam gur shínigh Uachtarán na hÉireann Bille Comhaltaí Príobháideacha arna urrú ag James Browne TD - an Bille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2017 - i mí Iúil 2018. Mar is eol duit, níl tús curtha fós leis an Acht Meabhair-Shláinte (Leasú) 2018 (Acht 2018). Mholfainn go gcabhródh sé leis an gCoiste machnamh a dhéanamh ar conas a bhaineann na forálacha arna moladh faoi Bille 2016, atá á scrúdú agat faoi láthair, leis na forálacha a rinneadh in Acht 2018 i ndáil le leanaí. Rachadh breithniú an Choiste ar an ábhar seo chun leasa soiléireachta agus comhleanúnachais reachtaíochta. I dtaca leis sin, mar atá a fhios agatsa agus ag do chomhghleacaithe, tá foráil in Acht 2018 chun Alt 4A nua a chur isteach in Acht 2001, a dhíríonn ar threoirphrionsabail i ndáil le leanaí. Foráiltear leis an alt nua seo:

- nach mór caitheamh le leas an linbh mar ní ró-thábhachtach i gcinntí faoi Acht 2001 maidir le cúram nó cóireáil linbh
- nach mór do chinntí faoi Acht 2001 maidir le cúram nó cóireáil linbh aird a thabhairt ar an riachtanas:
  - go mbeadh rochtain ag gach leanbh ar sheirbhísí sláinte a bhfuil sé mar aidhm acu an caighdeán is airde is féidir meabhairshláinte leanaí a bhaint amach
  - i gcás linbh a bhfuil sé de chumas air/uirthi a t(h)uairimí féin a bhunú, rachfar i gcomhairle leis/léi, nuair is féidir, ag gach céim den diagnóis agus den chóireáil agus go dtabharfar aird chuí ar a dtuairimí agus ar a dtoil nó a roghanna, i gcomhréir lena aois agus aibíocht
  - a mhéid is indéanta, go gcuirfí cúram agus cóireáil ar fáil:
    - i dtimpeallacht aois-oiriúnach
    - i ngar do bhaile nó do theaghlach an linbh, nuair is cuí
    - atá ar an mbealach is lú cunórtas agus sa timpeallacht is lú srianta is féidir
    - a léiríonn meas ar cheart an linbh dínit, ionracas coirp, príobháideacht agus neamhspleáchas.

Chomh maith leis sin, chun críocha chur le plé an Choiste maidir le Bille 2016, b'fhiú iarracht a dhéanamh an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Roinn Sláinte maidir leis an mBille Meabhair-Shláinte (Leasú), a bhfuil sé mar aidhm aige éifeacht a thabhairt do mholtaí athbhreithniú an Ghrúpa Saineolaithe ar Acht 2001 agus atá liostaithe sa Chlár Reachtaíochta do Sheisiún an Earraigh 2019.

### **An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2016**

Mar bhunús le Bille 2016, atá á scrúdú ag an gCoiste faoi láthair, bhí na hábhair imní thromchúiseacha maidir leis an gcleachtas leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana a ghlacadh isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta. Mar is eol duit, dar leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte (MHC) go bhfuil an cleachtas seo neamh-inmhianaithe agus míchuí. Chuir an MHC in iúl go gcaithfear aghaidh a thabhairt go práinneach ar na ionaid cheadaithe aois-oiriúnacha do leanaí agus d'ógánaigh. Luaitear i

gCód Cleachtais 2006 an MHC maidir le Glacadh Isteach Leanaí faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001 nár chóir an cleachtas atá ann leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta a úsáid ach amháin i gcásanna ina bhfuil sé riachtanach toisc nach bhfuil aon rogha eile ar fáil.

Táim chomh himníoch céanna is atá an Seanadóir Joan Freeman, a rinne urraíocht ar Bhille 2016, agus tharraing mé aird ar m'ábhair imní roinnt uaireanta ó ceapadh mé mar Ombudsman do Leanaí in 2015, lena n-áirítear i dtuarascáil chuig Coiste na NA um Chearta an Linbh in 2015, in aighneacht chuig Coiste Comhairliúcháin Poiblí an tSeanaid maidir le Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí in Éirinn in 2017, agus sa tuarascáil 'Tóg mo Lámh' thuasluaite.

Mar an gcéanna, táim ar aon tuairim leis an Seanadóir Freeman agus daoine eile go gcaithfear deireadh a chur leis an gcleachtas leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta. I dtaca leis sin, mholfainn don Choiste scéal fíor Rita agus Cait a léamh, atá san áireamh i bhfoilseachán de chuid m'Oifige dar teideal *A Word from the Wise* atá ceangailte agam leis an litir seo (féach lch.32-37). Maidir le gearán a tugadh chuig m'Oifig roinnt blianta ó shin, tugann an scéal seo léargas ar thaithí duine óg (Cait) a glacadh isteach in aonad meabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta agus ar na dúshláin a bhí uirthi féin agus a máthair ( Rita) dul i ngleic leo.

Mar gheall ar leochaileacht leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chasta mheabhairshláinte acu, tá sé go hiomlán do-ghlactha nach bhfuil na bearta riachtanacha curtha i bhfeidhm go fóill chun deireadh a chur leis an gcleachtas leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta: tá Bille 2016 ann mar gheall gur theip ar an Stát seirbhísí agus tacaíochtaí cuí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh a chur i bhfeidhm.

Má táthar chun deireadh a chur leis an gcleachtas leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta tá gá le forbairt agus tuilleadh infheistíochta i mbearta coiscitheacha, i gcúram príomhúil, agus i sainseirbhísí pobail Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS). I gcás go leor leanaí agus daoine óga, murab iad go léir, déanfaidh infhaighteacht na dtacaíochtaí agus na seirbhísí cuí ag an bpointe seo maolú ar mhéadú na ndeacrachtaí meabhairshláinte a bhíonn ag leanaí agus ag daoine óga go dtí an pointe ina dteastaíonn cúram agus cóireáil othair chónaithe uathu.

Ina theannta sin, teastaíonn infhaighteacht leordhóthanach áiseanna lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre do leanaí agus do dhaoine óga agus sainaonaid d'othair chónaitheacha do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais chasta mheabhairshláinte acu le deireadh d'fhonn deireadh a chur leis an gcleachtas leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta. Cé go dtuigim na

dúshláin atá ann faoi láthair maidir leis na tacaíochtaí agus na seirbhísí riachtanacha a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, tá díomá orm nach bhfuil níos mó dul chun cinn déanta.

In éagmais tacaíochtaí agus seirbhísí leordhóthanacha, féachann Bille 2016 le cosaintí a chur i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar na drochthionchair ar leanaí agus ar dhaoine óga nuair a ghactar isteach in aonaid meabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta iad. Agus é sin á dhéanamh, is é mo thuiscint ná, dá n-achtófaí é, bhunódh Bille 2016 bunús dlí chun leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach sna haonaid seo. Más é sin an cás, molaim don Choiste scrúdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí díobhálacha neamhbheartaithe, más ann dóibh, a d'fhéadfadh a bheith aige seo do leanaí agus do dhaoine óga. Mar shampla, an bhfuil baol ann:

- go bhféadfadh cleachtas míchuí a bheith níos inghlactha dá bharr?
- go mbeadh cur chuige ann a bheadh i bhfad ó optamach agus ar chaighdeán i bhfad níos ísle ná cóireáil a sholáthar do leanaí in aonad othar cónaitheach tiomanta do leanaí agus d'ógánaigh agus é mar ghné fhadtéarmach nó bhuan dár seirbhísí meabhairshláinte?  
agus/nó
- go gcuirfeadh sé seo leis an moill fhada atá ann cheana féin maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun deireadh a chur le leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach in aonaid meabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta?

Ina theannta sin, mholfaínn go mbeadh sé ina chuidiú don Choiste scrúdú a dhéanamh ar an méid a shamhlaítear trí na tagairtí a rinneadh i mBille 2016 faoi 4(b) agus 4(d) atá beartaithe:

- do thimpeallacht atá oiriúnach d'aois agus do riachtanais an linbh
- do shaoráidí aois-oiriúnacha, lena n-áirítear cóiríocht chuí do leanaí, leithscartha de réir aoise agus inscne ó dhaoine fásta.

D'fhéadfadh scrúdú ar an ábhar seo soiléiriú a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid na n-acmhainní a theastaíonn chun timpeallacht, saoráidí agus cóiríocht dá leithéid a sholáthar. D'fhéadfadh soiléiriú den sórt sin cuidiú leis an gCoiste féachaint an fearr na hacmhainní atá ag teastáil a infheistiú ar an mbealach seo nó an soláthar a neartú i seirbhísí meabhairshláinte leanaí agus ógánach atá ann cheana féin d'fhonn maolú i gcoinne leanaí agus daoine óga a ghlacadh isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta.

Féachann Bille 2016 freisin le cuid den treoir atá i gCód Cleachtais an MHC thuasluaite a chur ar bhonn reachtúil maidir leis an méid ba chóir a bheith i bhfeidhm má úsáidtear aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta mar riachtanas do chúram agus

cóireáil leanaí agus daoine óga. Maidir leis sin, léiríonn forálacha a rinneadh faoi 4(c), 4(d) agus 5(a) de Bhille 2016 an treoir arna leagan amach ag an MHC faoi 2.5 (a), (b) agus (i) ina Cód Cleachtais. Mholfainn gurbh fhiú don Choiste iarracht a dhéanamh a shoiléiriú cén fáth nach bhfuil gnéithe áirithe eile de threoir an MHC faoi alt 2.5 dá Chód Cleachtais curtha san áireamh i mBille 2016. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin don Choiste a bhreithniú cibé an mbeadh sé inmhianaithe foráil a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó de na heilimintí breise seo i mBille 2016, ag féachaint do na himpleachtaí, lena n-áirítear na himpleachtaí acmhainní, a bhaineann leis sin a dhéanamh agus cibé an mbeadh sé níos oiriúnaí na hacmhainní lena mbaineann a dhíriú ar sheirbhísí meabhairshláinte leanaí agus ógánach atá ann cheana a neartú.

I measc na ngnéithe de threoir an MHC is fiú a lua ina leith seo tá alt 2.5 (e), a mholann gur chóir go bhfaigheadh an fhoireann oiliúint a bhaineann le cúram leanaí. Cé go bhféachann Bille 2016 le cosaint a thabhairt do leanaí a ghlactar isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta trí chinntiú go gcuirtear timpeallacht, áiseanna agus cóiríocht oiriúnach do leanaí ar fáil, ní áirítear ann aon fhoráil shainráite maidir le soláthar foirne. Tá a fhios agam gur mhol an Seanadóir Colette Kelleher leasú nuair a bhí an Bille á bhreithniú ag an Seanad i mí Feabhra 2018 chun foráil a dhéanamh nach bhféadfadh ach amháin comhaltaí foirne a fuair oiliúint chuí i gcóireáil leanaí agus daoine óga cóireáil a chur ar fáil do haon leanbh a ghlactar isteach in aonad d'othair chónaitheacha lánfhásta. Tuigim gur moladh agus gur aontaíodh é le linn díospóireachta ón Seanad ag Céim an Choiste i mí Feabhra 2018 go bhféadfaí an leasú beartaithe seo a chur isteach arís le breithniú níos déanaí. Tuigim gur moladh agus gur aontaíodh é le linn díospóireachta sa Seanad ag Céim an Choiste i mí Feabhra 2018 go bhféadfaí an leasú beartaithe seo a chur isteach arís le breithniú níos déanaí. Cé go dtuigim na dúshlán shuntasacha atá ann faoi láthair maidir le gairmithe atá cáilithe go cuí a earcú, táim den tuairim, má tá Bille 2016 le dul chun cinn, gur chóir don Choiste machnamh dáiríre a dhéanamh ar fhoráil a áireamh go ndéanfadh gairmithe a bhfuil oiliúint chuí acu i meabhairshláinte leanaí agus ógánach cóireáil ar leanaí agus daoine óga a ghlactar isteach in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta.

Mar fhocal scoir, tuigim gur tarraingíodh aird le linn scrúdú an tSeanaid ar Bhille 2016 i mí Feabhra 2018 ar chuid den fhoclaíocht atá sa Bhille, lena n-áirítear na téarmaí “ordú(orduithe) iontrála”, “aonad d’othair chónaitheacha leanaí” agus “áiseanna aois-oiriúnacha”. Cé go dtuigim go bhfuil foclaíocht Bhille 2016 atá á scrúdú ag an gCoiste faoi láthair mar an gcéanna leis an bhfoclaíocht a scrúdaigh an Seanad anuraidh, tuigim gur admhaigh an Seanadóir Freeman ag an am go gcaithfí leasuithe áirithe a dhéanamh ina leith seo. Tá súil agam go dtabharfaidh scrúdú an Choiste ar Bhille 2016 aghaidh ar na nithe seo.

Má dhéantar Bille 2016, nuair a bheidh sé i gcrích, a achtú, caithfear breithniú cúramach a dhéanamh ar uainiú thosach feidhme a chuid forálacha. Maidir leis sin, bheadh sé stuama tús a chur leis na forálacha a luaithe a bheidh an timpeallacht, na háiseanna agus an chóiríocht a theastaíonn ón leanbh faoi alt 4 atá beartaithe curtha i bhfeidhm in aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha lánfhásta.

Tá súil agam go gcabhraíonn na breithnuithe thuas le pléití an Choiste. Má táim in ann tuilleadh cúnaimh a thabhairt, déan teagmháil liom.

Is mise, le meas,

---

An Dr Niall Muldoon  
Ombudsman do Leanaí